Ciorclán 0059/2006

AN ROINN OIDEACHAIS AGUS EOLAÍOCHTA

AN RANNÁN PÁROLLA

DO: Bhoird Bhainistíochta, do Phríomhoidí agus do Chúntóirí Riachtanas Speisialta i mBunscoileanna agus i Scoileanna Dara Leibhéal.

Sinsearacht Chúntoirí Riachtanas Speisialta

1. Réamhrá

1.1 Is mian leis an Aire Oideachais agus Eolaíochta Boird Bhainistíochta agus Coistí Gairmoideachais a chur ar an eolas faoi na fachtóirí ar chóir a chur san áireamh agus sinsearacht chúntóirí riachtanas speisialta atá fostaithe i mBunscoileanna agus i Scoileanna Dara Leirbhéal á cinneadh.

2. Tábhacht Sinsearachta:

2.1 Is é an seicheamh ina gceaptar cúntóirí riachtanas speisialta do Bhunscoileanna, do Scoileanna Iar-Bhunoideachais, do Scoileanna Pobail agus Scoileanna Cuimsitheacha nó do Choistí Gairmoideachais a chinneann a sinsearacht. Tá an sinsearacht seo tábhachtach agus cinneadh á dhéanamh cé hiad na cúntóirí riachtanas speisialta ar chóir uaireanta laghdaithe a thairiscint dóibh nó ar chóir a bhfostaíocht a fhoirceannadh nuair a laghdaítear leithdháileadh na scoile. Bainfear úsáid as an liostú sinsearachta agus cinneadh á dhéanamh faoin duine is déanaí isteach is túisce amach chun críche iomarcaíochta.

3. Freagracht an Bhoird Bhainistíochta/an Choiste Gairmoideachais:

3.1 Is é an Bord Bainistíochta/Coiste Gairmoideachais a shocraíonn an sinsearacht bunaithe ar dháta tosaigh an chúntóra riachtanas speisialta(CRS) agus é/í i mbun dualgais mar CRS i scoil/i ngairmscoil.

3.2 Ba chóir do gach Bord Bainistíochta/Coiste Gairmoideachais a chinntiú go gcuirtear liostú sinsearachta cúntóirí riachtanas speisialta ar fáil dóibh.

4. Rialacha do Chinneadh Sinsearachta:

4.1 Ní thosóidh rangú cúntóra riachtanas speisialta chun críche sinsearachta ach ón dáta a thosóidh sé nó sí ag obair mar CRS sa scoil/sa ghairmscoil.

4.2 Má thosaíonn beirt nó níos mó cúntóirí riachtanas speisialta ag obair ar an lá céanna ba chóir don Bhord Bainistíochta/don Choiste Gairmoideachais an t-ord sinsearachta a shocrú ar an ord in ar liostaíodh na cúntóirí riachtanas speisialta de thoradh próisis

agallaimh i.e. ba chóir an ráta is airde sinsearachta a thabhairt don CRS a fuair an rangú is airde tar éis an phróisis agallaimh.

I gcás inar ceapadh na cúntóirí riachtanas speisialta roimh eisiúint an Chiorcláin CRS 03/03 i Lúnasa, 2003 agus nach raibh aon phróiseas agallaimh ann féadfaidh an Bord Bainistíochta agus an Coiste Gairmoideachais aon cháilíochtaí atá ag an CRS agus a meastar atá cuí agus ábhartha do riachtanais na scoile/na gairmscoile amach anseo a chur san áireamh agus an sinsearacht á socrú.

Beidh fostaíocht chúntóra riachtanas speisialta a bhfuil conradh scríofa i leith linbh áirithe aige nó aici ag brath i gcónaí ar riachtanais mheasúnaithe an linbh atá luaite sa chonradh cuma cén seasamh sinsearachta atá aige nó aici sa scoil.

4.3 Má éiríonn cúntóir riachtanas speisialta as post i scoil go deonach nó de bharr foirceannaidh a fostaíochta nó a fhostaíochta agus má athcheaptar sa scoil ina dhiaidh sin í nó é tar éis briseadh seirbhíse cuirfear tús lena sinsearacht nó a shinsearacht ó dháta an cheapacháin is deireanaí amháin.

4.4 Áirítear gur seirbhís iomlán é roinnt poist chun críche sinsearachta. Ní bhaineann neamhláithreachtaí údaraithe e.g. saoire mháithreachais, saoire uchtála, saoire thuismitheoirí, saoire íoctha bhreoiteachta agus sos gairme le sinsearacht chúntora riachtanas speisialta.

4.5 Ní chuirfear cóir is lú fabhar ar chúntóir riachtanas speisialta atá fostaithe i gcáil pháirtaimseartha rialta agus a sinsearacht nó a shinsearacht á cinneadh de bharr a stádais mar fhostaí páirtaimseartha. Is ionann sinsearacht chúntóra riachtanas speisialta atá fostaithe ar feadh líon rialta uaireanta in aghaidh na seachtaine agus sinsearacht chúntóra riachtanas speisialta lánaimseartha atá fostaithe don tréimhse chéanna.

4.6 Níor chóir seirbhís a tugadh in aon chineál scéime fostaíochta pobail in ar oibrigh an duine i scoil roimh a ceapachán nó a cheapachán mar chúntóir riachtanas speisialta a chur san áireamh agus sinsearacht á cinneadh.

4.7 I gcás scoile cónasctha áit ar thug cúntóir riachtanas speisialta seirbhís leanúnach gan briseadh i gceann amháin nó níos mó de na scoileanna a bhí á gcónascadh, is é comhiomlán na seirbhíse sin a chuirfear san áireamh agus sinsearacht á cinneadh.

5. Scaipeadh Eolais

5.1 Iarrtar ar Choistí Gairmoideachais agus údaráis bhainistíochta ábhar an Chiorcláin seo a thabhairt ar aird do gach cúntóir riachtanas speisialta ina scoileanna, lena n-áirítear iad siúd atá ar shaoire mháithreachais, ar shaoire bhreoiteachta etc. agus do chomhaltaí na mBord Bainistíochta freisin.

6. Ceisteanna faoin gCiorclán seo

6.1 Má bhíonn aon cheist agat maidir leis an gciorclán seo téigh i dteagmháil le do thoil le Rannóg Phárolla CRS, An Rannán Párolla ag 090 648 4136 nó cuir an cheist ar ríomhphost chuig sna_pay@education.gov.ie.

Tá leagan Béarla den chiorclán seo ar fáil ach é a iarraidh.

P. Maloney,
Príomh-Oifigeach,
An Rannán Párolla

Bealtaine, 2006.